**Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 — MBDA France v an Coimisiún**

**(Cás T-614/22)**

(2023/C 7/42)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* MBDA France (Le Plessis-Robinson, an Fhrainc) (ionadaithe: F. de Bure, agus A. Delors, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— Cinneadh an Choimisiúin a seirbheáladh ar an iarratasóir an 20 Iúil 2022 (ARES(2022)5278815) ag diúltú do thogra EDF-2021-AIRDEF-D-EATMI-HYDIS (“Togra HYDIS”), ar bhonn Airteagail 256 agus 263 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur ar neamhní;

— aon chinneadh gaolmhar a chur ar neamhní ar an mbonn céanna chun go bhféadfar athmheastóireacht a dhéanamh ar na tograí a tíolacadh mar fhreagairt ar Ghlao ar Thograí EDF-2021-AIRDEF-D “Endo-atmospheric interceptor – concept phase” agus ath-leithdháileadh cistiúcháin, lena n-áirítear an cinneadh ón gCoimisiún lena nglactar leis an togra a thíolaic an cuibhreannas arna chomhordú ag Sener Aeroespacial (“HYDEF Proposal”);

— a ordú don chosantóir na doiciméid uile arna n-iarraidh ag an iarratasóir agus a bhaineann le meastóireacht an Choimisiúin ar Thograí HYDIS agus HYDEF a chur ar fáil;

— a ordú don chosantóir costais agus caiteachais dhlíthiúla agus eile an iarratasóra a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir ceithre shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí, lena líomhnaítear gur sháraigh an Coimisiún teorainneacha a lánrogha trí mhodheolaíocht ghrádúcháin shaorga agus threallach a chur i bhfeidhm i gcoinne phríomhchuspóirí réiteach an bhacóra ion-atmaisféaraigh “EATMI Project (“Tionscadal EATMI”).

   Tá sé d’aidhm ag an Tionscadal EATMI deontas EUR 100 milliún ón gCiste Eorpach Cosanta (“EDF”) a leithdháileadh do chéim choincheapa réitigh bacóir aershreibhe i gcoinne diúracáin agus faoileoirí “hipearsonacha”. Den chéad uair riamh, bhain an Rúis úsáid as an gcineál nua arm aeróige sin le linn ionradh a dhéanamh ar an Úcráin, agus go dtí seo, ní féidir leis na córais aerchosanta ata ann cheana iad a chomhrac. I gcomhthéacs na neamhshlándála geopholaitiúla méadaithe, is bagairt cheannródaíoch, gan fasach, agus b’fhéidir eiseach iad do shláine agus do shlándáil Bhallstáit agus shaoránaigh an Aontais. Tá gá le cur chuige nua maidir le dearadh aerchosanta. Mar sin féin, tá modheolaíocht ghrádaithe an Choimisiúin ar neamhréir leis an gcuspóir sin:

   — Ar an gcéad dul síos, chuir an Coimisiún modheolaíocht ualaithe chaighdeánaigh chomhionann i bhfeidhm maidir le gach tionscadal EDF 2021, gan bunchlocha Thionscadal EATMI a chur san áireamh;

   — Ar an dara dul síos, rinne an Coimisiún measúnú ar thograí na n-iarratasóirí nach mór go heisiach ar bhonn na mbreithnithe cineálacha is coiteann do thionscadail CEF 2021 nach bhfuil ábhartha nó fiú ag teacht salach ar chuspóirí Thionscadal EATMI;

   — Tríd an modheolaíocht shaorga agus threallach sin, sháraigh an Coimisiún a lánrogha, rud a bhain an bonn d’acmhainneacht an Aontais freagairt uathrialaitheach ar bhagairtí hipearsonacha a chothú mar thoradh air sin.

2. An dara saincheist dlí, lena n-éilítear roinnt earráidí follasacha measúnaithe:

— Rinne an Coimisiún roinnt earráidí follasacha sa mheasúnú ar Thogra HYDIS. Go háirithe: (i) níor thuig an Coimisiún an coincheap "céim an choincheapa" agus dhiúltaigh sé do Thogra HYDIS bunaithe ar eilimintí a bhfuil sé soiléir nach bhfuil siad ábhartha le linn na céime sin; (ii) níor thuig an Coimisiún coincheap an chomhair trasteorann. Mar thoradh air sin, rinne sé measúnú diúltach ar rannchuidiú an ghrúpa MBDA roimhe seo le comhtháthú thionscal cosanta na hEorpa, agus thug sé neamhaird ar thacaíocht phríomhchumhachtaí míleata an Aontais i bhfabhar a thogra; agus (iii) bhí an Coimisiún ag brath ar bhreithnithe cineálacha nach bhfuil ábhartha i gcomhthéacs Thionscadal EATMI agus ceanglais shonracha an tionscadail sin á gcur i leataobh ag an am céanna;

— Mar thoradh ar earráidí follasacha measúnaithe an Choimisiúin, rinneadh cinneadh a thagann salach, den chuid is mó, ar chuspóirí uileghabhálacha EDF: (i) déantar neamhaird leis de na tionscnaimh a rinne na Ballstáit i gcreat an Bhuanchomhair Struchtúrtha; (ii) déantar leithdháileadh fo-optamach acmhainní mar thoradh air, nach léiríonn saineolas ghníomhaithe cosanta na hEorpa; agus (iii) eascróidh dúbláil inniúlachtaí laistigh den Aontas as.

3. An tríú saincheist dlí, lena n-éilítear sáruithe ar phrionsabail an dea-riaracháin agus na trédhearcachta:

— Dhiúltaigh an Coimisiún do Thogra HYDIS go príomha toisc gur mheas sé nach raibh roinnt gnéithe mionsonraithe go leor. Mar sin féin, de bhun phrionsabal an dea-riaracháin, bhí sé de dhualgas ar an gCoimisiún na fíorais ábhartha uile a bhailiú, lena n-áirítear trí shoiléirithe a lorg ón iarratasóir de réir mar is iomchuí, go háirithe toisc go bhfuil slándáil Bhallstáit agus shaoránaigh an Aontais i mbaol. D'fhéadfadh soiléirithe den sórt sin a bheith curtha ar fáil ag an iarratasóir go héasca. Ina ionad sin, rinneadh sárú ar phrionsabal an dea-riaracháin mar thoradh ar dhearcadh éighníomhach an Choimisiúin agus ar mhainneachtain an Choimisiúin faisnéis fhíorasach ábhartha a bhailiú;

— Ina theannta sin, baineann na heasnaimh líomhnaithe sin beagnach go heisiach le breithnithe cineálacha is coiteann do thionscadail EDF 2021 nach mbaineann le ceanglais shonracha theicniúla agus fheidhmiúla EATMI. Sháraigh an Coimisiún prionsabal na trédhearcachta trí ró-ualú a dhéanamh ar na breithnithe sin, gan aon fhaisnéis roimh ré faoi na hiarratasóirí.

4. An ceathrú saincheist dlí, lena n-éilítear mainneachtain cúiseanna a lua go leordhóthanach.

Sa chinneadh a chonspóidtear tá sraith ráiteas atá doiléir nó deacair a thuiscint i gcomhthéacs an cháis, agus dá bhrí sin cuirtear cosc ar an iarratasóir a thuillteanais a mheas. Go háirithe, bhí sé de dhualgas ar an gCoimisiún a shoiléiriú conas a rinne sé na breithnithe cineálacha thuasluaite a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs sonrach Thionscadal EATMI agus conas a thuig sé barúlacha diúltacha uathu. Ach mhainnigh air an méid sin a dhéanamh.

---

**Caingean arna tabhairt an 30 Meán Fómhair 2022 – Safran Aircraft Engines v an Coimisiún**

**(Cás T-617/22)**

(2023/C 7/43)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Safran Aircraft Engines (Páras, an Fhrainc) (ionadaithe: B. Hoorelbeke, F. Donnat agus M. Perche, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an cinneadh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní; agus

— a ordú don Choimisiún a chostais féin agus costais an iarratasóra i ndáil leis na himeachtaí seo a íoc.